Cumann Barra na Gaeilge
*An Leabharlann Dlí*

# CUMANN BARRA NA GAEILGE

# "SAOIRSE AGUS COMHIONANNAS – ÓN FHRAINC CHUIG AN EORAIP AGUS ÉIRE"

CLÍONA KIMBER SC



Portráid de Olympe De Gouge

# AN FHRAINC ROIMH NA RÉABHLÓIDE: SEIRFEACHAS FEODACH

Ba tír fheodach í an Fhrainc tráth. Roinneadh an tír ina trí eastáit difriúil bunaithe ar "Córas an Eastáit", nó an "Ancien Régime". Bhí acu an Chéad Eastát (An Chléir), an Dara Eastát (Na hUaisle) agus an Tríú Eastát (An Chosmhuintir).

Bhí saol sócúlach ag an gCéad agus Dara Eastáit, inar bhain siad taitneamh as saibhreas an tsaoil. Is ar an Tríú Eastát, ina raibh gnáth tuatháanaigh, ceannaithe, saothraithe agus fiú dlídóirí, afách, a thit ualach na gcáineach.

D'fhulaing an Tríú Estáit go mór mar gheall ar na cáineacha. Bhí sé seo go mór ag dó na gceirbe acu agus ba chúis lárnach le Réabhlóid na Fraince é.



# AN REABHLÓID AGUS COMHIONANNAS

Theastaigh ó Réabhlóid na Fraince, lena mana *"Liberté, Égalité, Fraternité"*, an Ancien Régime a scriosadh agus sochaí le cearta comhionanna do chách a bhunú.

Chuir an Tionól Dáilcheantair Náisiúnta deireadh leis an feodachas, bhunaigh siad comhionannas sibhialta i measc fir (sa Fhrainc féin, choimeádadh an sclábhaíocht sna coiliníochtaí) agus tugadh an vóta do níos mó ná leath den daonra fireanna fásta.

Cé gur spreag an Réabhlóid go leor athraithe sóisialta, bhí neamh-chomhionannas inscne agus cine fós ann. Is an fhadhb seo a dhein Olympe De Gouges iarracht réiteach a aimsiú uirthi.



# OLYMPE DE GOUGES: SAOL AGUS CÚLRA

Rugadh Olympe de Gouges, nó Marie Gouze mar a bastaíodh í, in 1748 sa Fhrainc. Ba luath-fheimineach agus gníomhaí ar son na polaitíochta í.

D'fhreastal sí ar "salons acadúla" agus bhí caidreamh aici leis an feidhmeannach saibhir *Jacques Biétrix de Rozières,* rud a thug saoirse agus seasmhacht airgeadais di. Nuair a d'iarr sé a lámh chun pósadh uirthi áfach, dhiúltaigh sí agus níor phós sí éinne eile ina dhiaidh sin.




Portráid de Olympe De Gouge, ceann de na céad feiminigh sa Fhrainc.

# FEACHTAS I GCOINNE NA SCLÁBHAÍOCHTA

Thosaigh de Gouges ag scríobh drámaí agus scríobh sí os cionn 30 dráma sa deireadh. In 1788, throid sí go fíochmhar in aghaidh gabháil, díolacháin agus ceannacháin sclábhaithe i gcoilíneachtaína na Fraince

Scríobh sí an dráma *L'esclavage Des Noirs*, ar cháin lucht tacaíochta na sclábhaíochta go géar é.



ZAMORE ET MIRZA;
OU,
L'HEUREUX NAUFRAGE;
DRAME INDIEN,
EN TROIS ACTES, ET EN PROSE,
PAR MADAME DE GOUGES.


A PARIS,
Chez L'AUTEUR, rue & Place du Théâtre François.
CAILLEAU, Imprimeur-Libraire, rue Gallande, N°. 64.

M. DCC. LXXXVIII.
Avec Approbation & Privilège du Roi.

Source gallica.bnf.fr / Bibliothèque nationale de France

# CEARTA COMHIONANNA DO MHNÁ LE LINN NA RÉABHLÓIDE

Nuair a bhris an Réabhlóid amach, cheap de Gouges go dtabharfaí cearta comhionanna do chách, agus bhí díomá iomlán uirthi nuair nár tharla sé sin.



Bhí sí páirteach i gcumann a chuir cearta comhionanna do mhná chun cinn, agus dúirt, go cáiliúil, ag ceann dá gcruinnithe:

***"Tá ceart ag bean dul suas ar an gcroch, mar sin ba cheart go mbeadh an ceart céanna aici dul suas ar an léibheann."***


I mbeagán focal, má thugtar an breithiúnas céanna do mhná maidir le coireanna agus basú, ba cheart cearta poiblí agus sibhialta comhionanna a thabhairt dóibh freisin.

# FORÓGRA UM CHEARTA NA MBAN AGUS NA SAORÁNACH BAINEANN

Chuaigh an ráiteas seo isteach mar Alt 10 insan "Forógra um Chearta na mBan agus na Saoránach Baineann" a scríobh de Gouges leis an Cumann um Chairde na Fírinne i Meán Fómhair 1791. Scríobhadh an forógra mar fhreagra ar an "bhForógra um Chearta na bhFear agus na Saoránach" a scríobhadh in Lúnasa 1789.

Thug De Gouges cuireadh dá comh-mhná teacht léi:

"Mná, dúisígí; tá clog na réasúna ag bualadh go hard ar fud na cruinne: aithin bhur gcearta."


DÉCLARATION
DES DROITS DE LA FEMME
ET DE LA CITOYENNE.

Quand on le ſait c'eſt peu de choſe,
Quand on l'ignore ce n'eſt rien.

Les repréſentans du peuple français, conſtitués en aſſemblée nationale, arrivés enfin au bout de la carriere de leurs immortels travaux, n'ont pas cru pouvoir les terminer d'une maniere plus éclatante, qu'en établiſſant les droits de la femme, ſi négligés par eux en apparence, mais qu'ils n'ont jamais perdus de vue un ſeul inſtant, pendant leur ſéjour à Paris: en conſéquence, l'aſſemblée reconnoît & déclare en préſence & ſous les auſpices de l'évêque d'Autun, les droits ſuivans de la femme & de la citoyenne.

Art. Ier. Les femmes naiſſent, mais ne demeurent pas égales en droits; les diſtinctions qui ſe trouvent en elles viennent du plus ou moins d'exercice de ces mêmes droits.

II. Le but de toute aſſociation avec les femmes tient aux droits impreſcriptibles du beau ſexe; ces droits ſont la beauté, la pro-

# NA GIRONDINS

Tar éis di a paimfléad a fhoilsiú, threisigh de Gouges a ceangailt leis an ngrúpa réabhlóideach ar a dtugtaí na Girondins, í ag freastal go rialta ar "salon" a bhí faoi stiúir ag Manon Roland.

Bhí na Girondins i gcoinne an raidiciúlacht fhoréigneach a chonaic siad ón ngrúpa iomaíoch, na Jacobins agus bhí said i gcoinne gabháil agus ionchúiseamh Rí Louis XVI, Marie Antoinette, agus a gcuid páistí.



# CURTHA FAOI GHLAS AG NA JACOBINS

Tharraing gníomhaíochas de Gouges agus a cáineadh láidir des na ceannairí polaitiúla, naimhdeas ó na Jacobins a bhí i gcumhacht.

Sa bhliain 1793, gabhadh de Gouges agus diúltaíodh cúnamh dlí di, ach lean sí uirthi ag scríobh agus í sa phríosún.

D'aimsigh na húdaráis dráma neamhchríochnaithe a scríobh sí agus úsáideadh é mar fhianaise ar a cuid comhbhá leis an teaghlach ríoga.





# GUILLOTINE

Cuireadh de Gouges chun bás leis an ngiotín ar an 3ú Samhain 1793 mar gheall ar cháineadh polaitiúil agus a ceangail leis na Girondins.


Cuireadh a comhghleacaí. Manon Roland, chun bás sa tslí céanna cúpla lá ina dhiaidh sin agus níos lú ná mí a bhí ann go dti gur gcuireadh Marie Antoinette chun bás ar an ngiotín freisin.

# LUATH-OIDHREACHT DE GOUGES

Spreag De Gouges go leor smaointeoirí eile ina ré.

Spreag sí mná ar nós luath-fheimineach Briotanach (agus máthair Mary Shelley), Mary Wollstonecraft, chun a saothar *"Vindication of the Rights of Woman"* a fhoilsiú. Foilsíodh é in 1792, bliain roimh do bhás de Gouges.

Deirtear gur spreag *"Forógra um Chearta na mBan"* de Gouges an *"Declaration of Sentiments"*, a comhscríobh an sufraigéid Meiriceánach Elizabeth Cady Stanton le gníomhaithe eile, agus a cuireadh i láthair ag comhdháil thábhachtach Seneca Falls in 1848.



# OIDHREACHT DE GOUGE SA FRAINC

Chuaigh troid de Gouges ar son chearta na mban i bhfeidhm ar ghluaiseachtaí níos mó a bhí ag éileamh cearta agus comhionannais sóisialta agus a bhí ag gníomhú ar son pá cothrom agus coinníollacha oibre cuí.



Cé go raibh ré de Gouges ann roimh bhunús dlíthe pá comhionann nua-aimseartha, thosaigh roinnt tíortha prionsabail bhunúsacha pá comhionann a chur i bhfeidhm go luath sa 20ú haois.

I measc príomhphointí i stair na Fraince, in 1972 togadh dlí isteach a dhein caint chiníoch ina choir agus in 1982, déanadh leasú ar an gCód Saothair a chuir cosc ar idirdhealú san fhostaíocht.

Thug an Fhrainc dlí pá comhionann isteach den chéad uair i mí na Nollag 1972, agus ó shin i leith, cuireadh rialacháin i bhfeidhm chun an reachtaíocht a neartú agus an bearna phá idir na hinscní a laghdú.

# PÁ COMHIONANN IN ÉIRINN: AN 19Ú GO DTÍ AN 20Ú HAOIS

Tá bunús ag dlí pá comhionann na hÉireann i ndlí an Aontais Eorpaigh, áit a bhfuil 'pá comhionann ar son obair comhionann' ar cheann de phríomh-phrionsabail an AE agus cumhdaithe sna Conarthaí.

Is sampla tábhachtach de dhlí pá comhionann in Éirinn é an tAcht in aghaidh Idirdhealú (Pá), 1974, atá mar bhunchloch de reachtaíocht comhionann na na hÉireann .

Le linn na 20ú haoise afách, bhí go leor neamh-chomhionannais le feiceáil san ionad oibre. Chruthaigh an 'bac pósta' deighilt shoiléir idir mná singile a d'fhéadfadh dul sa tóir ar ghairm bheatha agus mná pósta a cuireadh siar go minic i rólanna baile.



# PÁ COMHIONANN IN NUA-ÉIRINN : Ó STÁDAS GO CONRADH

Clúdaítear dlí pá comhionann faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 agus faoi cód cleachtais reachtúil Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC), ach ní hamháin pá atá faoi réir an dlí.




De réir an dlí, caithfear an íocaíocht céanna a thabhairt d'fostaithe a dhéanann an obair chéanna. Baineann sainiú leathan leis an dlí, agus titeann íocaíochta cosúil le liúntais, bónais, íocaíochtaí feidhmiúcháin, agus tairbhí neamh-airgeadais cosúil le gluaisteáin agus fóin phóca faoina miniú.

# COMHIONANNAS AGUS PÁ COMHIONANN SA LÁ ATA INNIU ANN

Cé go bhfuil dul chun cinn shuntasach déanta le caoga bliain anuas maidir le reachtaíocht chomhionannais, tá éagothromaíochtaí inscne fós le feiceáil san fhostaíocht.



Taispeánann tuarascálacha go bhfuil an bearna phá idir na hinscní fós ann. Léirigh tuarascáil ó Enterprise Ireland i 2024, mar shample,  meánbhearna de 15% agus bearna airmheánach de 22%, agus thaispeáin tuairisc an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), meánbhearna de 6.9% i bhfabhar fostaithe fireanna.

# COMHIONANNAS AGUS PÁ COMHIONANN SA LÁ ATA INNIU ANN



Bíonn gnólachtaí faoi úinéireacht baineann faoi mhíbhuntáiste infheistíochta suntasach i gcomparáid lena gcomhghleacaithe fireanna. Fágtar comhlachtaí faoi stiúir na mban ar leathchois airgeadais, le "bearna airgeadais inscne" domnanda ag thart ar $1.7 trilliún.

Caithfidh mná ar fud na cruinne aghaidh fós a thabhairt ar neamhionannas suntasacha.

Cumann Barra na Gaeilge
*An Leabharlann Dlí*

# GO RAIBH MÍLE MAITH AGAIBH

CLÍONA KIMBER SC